Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0040(COD)**

**7631/19**
**ADD 2 REV 1**

**CODEC 702**
**UD 91**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le síneadh ama a chur le húsáid idirthréimhseach a bhaint as bealaí eile seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas comhpháirteach ón Ísiltír agus ón Liotuáin**

Aithníonn an Ísiltír agus an Liotuáin an tábhacht atá leis an gcomhad thuasluaite agus is mór acu an dul chun cinn a rinneadh le linn na caibidlíochta ar an gcomhad. Mar sin féin, is cúis imní don Ísiltír agus don Liotuáin go fóill an sprioc-am 2022 do chur chun feidhme na gcóras náisiúnta TF-.

Luaitear sa téacs comhréitigh deiridh a chuirfear chuig COREPER ar an 14 Feabhra 2019 le haghaidh a dhaingnithe d'fhonn teacht ar chomhaontú, go bhféadfar córais thras-Eorpacha (TES) a úsáid ar bhonn idirthréimhseach go dtí an 31 Nollaig 2025, agus go bhféadfar córais náisiúnta a úsáid go dtí an 31 Nollaig 2022 ar a dhéanaí. I gcás na hÍsiltíre agus na Liotuáine, beidh costais bhreise neamhriachtanacha d'údaráis custaim mar thoradh ar sprioc-amanna éagsúla a bheith á gcur i bhfeidhm idir na córais TES agus na córais náisiúnta. Ós rud é go bhfuil nasc láidir idir na córais náisiúnta agus na córais TES, ba cheart, dá bhrí sin, gurb ionann an idirthréimhse do na córais TES agus náisiúnta sa téacs deiridh.

Chuir an Ísiltír an imní a bhí uirthi in iúl ar an ábhar seo i ndearbhú a tíolacadh agus a cuireadh san áireamh i miontuairiscí COREPER (14 Samhain 2018; Mír I-27).

Is oth linn a rá, dá bhrí sin, go mbeidh ar an Ísiltír agus ar an Liotuáin staonadh ó vótáil.

**Ráiteas comhpháirteach ón nGearmáin, ón Danmhairg agus ón Spáinn**

Tá sé tábhachtach do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, don Danmhairg agus don Spáinn go gcuirfí Cód Custaim an Aontais chun feidhme a thuilleadh agus aithníonn siad gur ghá iarrachtaí thar cuimse a dhéanamh chun comhréiteach a bhaint amach. Níl muid in ann ach aontú leis an togra i bhfianaise an mhéid sin. Maidir le hábhar, áfach, leanfaimid d'fhorchoimeádais a bheith againn, a chuir Ballstáit eile in iúl arís agus arís le linn na caibidlíochta.

Foráiltear leis an togra seo go dtí an 31 Nollaig 2025 do chórais áirithe atá le forbairt ag an Aontas Eorpach, agus ní mór do na Ballstáit a gcórais náisiúnta a thabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig 2022. Is é an toradh is dócha a bheidh ar an idirdhealú sin go mbeidh costais neamhriachtanacha ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar údaráis custaim ós rud é gur dóichí go ndéanfar go leor coigeartuithe ar na córais náisiúnta mar gheall ar an dlúthnasc idir córais an Aontais agus na córais náisiúnta. Ar na cúiseanna thuasluaite, tá an baol sonrach i gceist le cur i bhfeidhm na spriocdhátaí difriúla nach mbeidh na Ballstáit in ann na córais náisiúnta a oiriúnú in am trátha.